

Ábhar

‘Gaeilgeoirí’

Mír Físe

Speaking Irish
Aonad 13, Agallamh 2
01:10:48

Cathal Ó Searcaigh

(Le caoinchead ó na húdair agus ó na foilsitheoirí McGraw-Hill).

Téacs léitheoireachta

Téacsanna ó na suímh ghréasáin
<http://www.uni-due.de/DI/index.html>

(Le caoinchead ó Raymond Hickey).

agus

<http://www.bbc.co.uk/irish/>

(Le caoinchead ó
www.bbc.co.uk/irish/).

Ní cúrsa teagaisc ná plean ranga atá i gceist leis an ábhar samplach seo. Is **sampla** atá ann de na cineálacha tascanna a d’fhéadfaí a bhunú ar théacsanna éagsúla d’fhonn is na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar **in oiriúint dá gcuid mac léinn féin**.



An Mheitheal um Theagasc
na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal

‘Gaeilgeoirí’

Réamhobair

Plé

Beidh tú ag féachaint ar mhír ina bhfuil Cathal Ó Searcaigh, file, ag labhairt faoi na deacrachtaí cumarsáide a bhíodh idir é féin agus foghlaimeoirí Gaeilge.

Ar dtús pléigh na ceisteanna seo le do ghrúpa:

- Cad a chiallaíonn an focal ‘Gaeilgeoir’ duitse?
- Cén taithí atá agat ar fhoghlaimeoirí Gaeilge?
- Cén bhrí a bhaineann tú as ‘Gaeilge na leabhar’? Léirigh le samplaí.
- Cad a cheapann tú den difear atá idir caint mhuintir na háite i do cheantarsa agus ‘Gaeilge na leabhar’?

Tasc

Déan féin agus do pháirtí liosta de na difríochtaí, dar libh, atá ann idir Gaeilge na Gaeltachta agus an Ghaeilge lasmuigh den Ghaeltacht.

Éisteacht agus Feasacht Teanga

Anois féach ar an mír agus déan na cleachtaí seo:

1. Cad a chiallaíonn an focal ‘Gaeilgeoir’ do Chathal Ó Searcaigh, dar leat?
2. ‘na Gaeilgeoirí a thagadh *chugainne*’
Conas a mhíneofá d’fhoghlaimeoir cad é an difear idir ‘chugainn’ agus ‘chugainne’? Cad iad na téarmaí cearta gramadaí?
3. Léigh an píosa seo le hAntain Mac Lochlainn faoi chúrsaí béime sa Ghaeilge agus pléigh an méid atá le rá aige.
(http://www.bbc.co.uk/irish/video_audio/player/542/gaeilge/).

...sometimes we don’t pay enough attention to things like pronunciation or the subtle little differences between languages. Many of these things we hardly even notice, but a native speaker spots them a mile off, and they can be the difference between sounding like the real thing and sounding a bit stilted. When we hear native speakers of Spanish saying things like “I came to Ireland on a big sheep” we know that what they should be saying is ‘ship’. But Spanish speakers find it very hard to distinguish between ‘ee’ and ‘i’. For them, it’s a subtle difference. For us, it stands out like a sore thumb.

And the same can be said about the different ways in which Irish and English lay emphasis on things. You often hear people say things like ‘Ní hé sin mo chóta’, or ‘Beidh an chóisir inár dteach’. That sounds very strange in Irish and it happens

because the speaker is thinking of English sentences like ‘That’s not my coat’ or ‘The party will be in our house’ (and not in anyone else’s). It’s very common, unfortunately.

4. Cuir Gaeilge chruinn ar na habairtí seo agus déan iarracht an litriú a bheith chomh cruinn agus is féidir. Ná déan dearmad ar an riail ‘caol le caol agus leathan le leathan’. Léigh an chuid eile den phíosa le hAntain Mac Lochlainn ar dtús más maith leat (ar an suíomh <http://www.bbc.co.uk/irish/>).

- i. *Your* flat is cleaner than *our* one.
- ii. *Our* project did a lot better than theirs.
- iii. Is it her brother who’s going out with Aoife or is it Áine’s brother?
- iv. Your essay looks so good compared to mine.
- v. *She* failed last year and she had to get help from that lecturer.
- vi. *They* stole *our* ideas for the project.
- vii. *My* sentences were so badly translated.
- viii. Was it her who got the 100%? No, it wasn’t – it was *him*.
- ix. Is it *us* who have to do that bit of the project? No, it’s *them*.
- x. Who is *she*? I don’t know – I’ll ask those two, *they* seem to know her.

5. Luann Cathal Ó Searcaigh úsáid an fhocail *fridge* in áit ‘cuisneoir’? Cad a ghlaofá air seo? Cén téarma a bheadh agat féin, ‘cuisneoir’ nó *fridge*?

Cé acu comhthéacs thíos is mó ina mbeadh claonadh agat focail Bhéarla a úsáid? Cén fáth, dar leat?

rudá sa chistin
rudá sa ghairdín nó lasmuigh
mothúcháin
ag labhairt faoi thinneas
uimhreacha agus mata
ag labhairt le páistí

Iarobair: Plé

Seo píosa faoin nGaeilge lasmuigh den Ghaeltacht a tógadh as suíomh gréasáin (<http://www.uni-due.de/DI/index.html>). Léigh an píosa agus pléigh na ceisteanna.

Ar dtús déan liosta de na pobail ar fad, dar leat, a labhraíonn Gaeilge. Cuir do liosta i gcomparáid leis an liosta a chuir duine eile le chéile.

In the current context it should be mentioned that there are many language enthusiasts throughout Ireland who put much effort into maintaining the language outside the historically continuous Irish-speaking areas. These speakers are concentrated in urban centres, chiefly in Dublin, but also in Belfast (de Brún 2006). They are not native speakers, but their dedication to the language makes it most likely that this group will be the one which will survive among coming generations and carry the language forward (Ó Murchú 1999)... There are clear linguistic consequences from the survival of non-native varieties of Irish and the demise of the remaining communities of native speakers. Both the sound system and the grammar of Irish are affected by the first

language of non-native speakers, viz. English. Enthusiastic but poor speakers of Irish neglect many distinctions of the language, such as the application of the initial mutations, the distinction between palatal and non-palatal sounds and the observation of grammatical gender, not to mention the syntactic patterns characteristic of native-speaker Irish (<http://www.uni-due.de/DI/Education.htm>).

- Pléigh féin agus an duine in aice leat na nithe thíos. An dtuigeann sibh iad?

the application of the initial mutations
the distinction between palatal and non-palatal sounds
the observation of grammatical gender
the syntactic patterns characteristic of native-speaker Irish

- Cad a shamhlaíonn tusa le *native-speaker Irish*?
- An bhfuil scríobh na Gaeilge chomh tábhachtach leis an gcaint chun ardchumas a bhaint amach sa teanga?
- Cén sprioc atá agatsa i do chuid foghlama ar an gcúrsa céime seo? Cén cineál feabhais ba mhaith leat a chur ar do chuid Gaeilge?
- An bhfuil aon tábhacht ag baint leis an tslí a bhfuaimnítear an Ghaeilge, dar leat? Céard a shíleann tú d'easpa cúraim i bhfuaimneanna na Gaeilge a bhíonn le cloisteáil sna meáin (*the teeshock srl.*)? An cuma?
- Ar chuala tú riamh trácht ar na scéimeanna atá ag an *Fulbright Commission* agus ag an *Ireland Canada University Foundation* (www.icuf.ie) a thugann deis do chéimithe tréimhse a chaitheamh thar lear ag múineadh na Gaeilge? An mbeadh aon spéis agat ina leithéid?

Iarobair: tascanna

1. Faigh amach níos mó ar an idirlíon faoi fhoghlaim na Gaeilge thar lear.
2. Cad atá ar eolas agat faoin obair a dhéanann an Coiste Téarmaíochta? Cén fáth a bhfuil gá lena leithéid? Pléigh leis an duine in aice leat agus faighigí amach níos mó faoin obair a dhéanann an Coiste.
3. Pléigh na focail seo agus léirigh le samplaí: foghraíocht, consan leathan, consan caol, défhoghar.
4. Déan liosta de na gnéithe éagsúla den teanga ar mhaith leat níos mó a fhoghlaim fúthu. Conas a thabharfá faoin bhfoghlaim seo?

Téipscript

Bhuel, go leor de na Gaeilgeoirí a thagadh chugainne san am a chuaigh thart bhí siad, á, chomh ceartchreidmheach faoin teanga. Á, ‘Gaeilig Mhaide na Leabhar’ – chuala mé sin go minic. Á, sin an rud a deireadh, á, muintir na háite. Is cuimhneach liom duine inteacht ag úsáid an focal ‘cuisneoir,’ á, uair amháin go dtáinig siad isteach ar cuairt againn. Á, agus dúirt an fear seo, ‘Á, ní fheicim cuisneoir ar bith insa chisteanach agaibh.’ Agus bhí iontas ar m'athair cad é an cineál gléas a bhí ansin. Ní raibh a fhios aige, á, go dtí gur mhínigh mé dó gur *fridge* a bhí i gceist – rud nach raibh againn.

Á, dar ndóighe, is maith liomsa an focal ‘cuisneoir’ anois. Á, is maith liom an...leathnú amach a dhéantar ar fhocla mar sin, go mbaintear úsáid as ‘cuisne’ – focal a bhaineann le siocán – agus go ndéantar an leathnú sin. Is dóigh liom fhéin gur focal maith atá ann. Á, ach muintir na háite, níl, dar ndóighe, tuigbheáil ar bith acu ar na focla sin a cumadh.